




Seideán SÍ

# Mamó Fadó



Ní mar a chéile a bhí an saol nuair  
a bhí Mamó óg fadó ...

 AN GÚM

Dráma

Anna Ní Chartúir  
Steve Simpson a mhaisigh



Niamh: Ba mhaith liomsa deirfiúr

a bheith agam.

Nó deartháir, b'fhéidir.

Mamó: Ar mhaith anois, a chroí?

Niamh: Ba mhaith. An raibh

deirfiúracha agus


deartháireacha agatsa

nuair a bhí tú óg,

a Mhamó?

Mamó: Bhí, a chroí.





Mamó: Bhí ceathrar deartháir agus triúr deirfiúr agam.



Niamh: Bhí ochtar agaibh ann!

Mamó: Bhí, a chroí.

Bhí ochtar againn ann.

Niamh: Caithfídh go raibh teach an-mhór agaibh, más ea.

Mamó: Muise, ní raibh, a chroí.





Mamó: Ní raibh ach dhá sheomra  
codlata sa teach.




Niamh: Dhá sheomra codlata!  
Tá ceithre sheomra codlata  
sa teach seo againne.



Niamh: Ó, tá mo gheansaí salach,  
a Mhamó.

Mamó: Cuir san inneall níocháin é,  
a chroí. Tá ceann glan  
anseo.



Niamh: An raibh inneall níocháin  
agaibh nuair a bhí tusa óg,  
a Mhamó?

Mamó: Muiise, ní raibh, a chroí.






Mamó: Ach is minic a chabhraigh  
mé le mo Mhamai agus í  
ag ní na n-éadaí.



Niamh: Agus an raibh teilifís agaibh  
nuair a bhí tú óg?



Mamó: Ní raibh, a chroí. Ach

bhí pictiúrlann istigh sa  
chathair. Is minic a chuaigh  
mé féin is mo chairde ann.




Niamh: An raibh fón póca agat


nuair a bhí tú óg?

Mamó: Ní raibh, a chroí. Ní raibh  
fón póca ar bith ann nuair  
a bhí mise óg.






Mamó: Ní raibh fón tí againn ach  
an oiread. Ach bhí ceann  
i dteach m'aintín Treasa.



Niamh: An raibh carr agaibh nuair  
a bhí tú óg, a Mhamó?  
Mamó: Ní raibh, a chroí.





Mamó: Ní raibh mórán carranna  
ann nuair a bhí mise óg.




Niamh: A Mhamó, an raibh siopaí  
ann nuair a bhí tusa óg?





Mamó: Bhí, a chroí. Ach ní raibh  
siad ar nós na siopaí atá  
ann anois.



Niamh: An raibh éadai deasa agat  
nuair a bhí tú óg, a Mhamó?  
Mamó: Bhí, a chroí.





Mamó: Is minic a tháinig beart  
chugainn ó m'aintín  
i Meiriceá agus gúnaí  
deasa ann dom féin agus do  
mo dheirfiúracha.



Niamh: Is maith liomsa an scoil, a  
Mhamó. Ar thaitin an scoil  
leatsa?  
Mamó: Muise, níor thaitin, a chroí.





Mamó: Bhí na múinteoirí an-chrosta

nuair a bhí mise óg.



Niamh: Níl mo mhúinteoirse crosta,  
a Mhamó.

Mamó: Téigh isteach chuici, mar  
sin, a chroí. Slán anois agus  
bí go maith.





Niamh: Ach fan nóiméad, a Mhamó.

Ceist amháin eile agam ort.

An raibh tú sona sásta  
nuair a bhí tú óg?

Mamó: Bhí mé. Ach tá mé níos  
sásta fós anois mar go  
bhfuil tusa agam, a chroí!

An chéad eagrán 2006

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2006

Cach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a aistriú, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná síl, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhóichóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna Ián-Chaellge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Steve Simpson

Printset and Design Teo a chloíhuail in Éirinn

An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1